*Déardaoin,* 20 *Bealtaine,* 2004
*Thursday,* 20*th May,* 2004

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

**10*a*.** Tairiscint *maidir le* ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Creat-Chinneadh ón gComhairle maidir le prionsabal an aitheanta-is fhrithpháirtigh a fheidhmiú i leith orduithe coigistíochta a tharchur chuig Comhchoiste.
Motion *re* Referral to Joint Committee of Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Framework Decision on the application of the principle of mutual recognition to confiscation orders.

**20.** An Bille um Chomhionannas 2004 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Equality Bill 2004 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

**4.** An Bille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).
International Criminal Court Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).

**20*a*.** Ráitis maidir leis an gcor reatha san Iaráic.
Statements on the current situation in Iraq.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**10*a*.** ‘‘Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a fheidhmiú i leith orduithe coigistíochta,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 18 Bealtaine, 2004, a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan, de réir mhír (2) d’Orduithe Tagartha an Choiste sin, agus go ndéanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 2 Meitheamh, 2004, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 85, agus go mbeidh feidhm dá réir ag Buan-Ordú 84(2).

That the proposal that Dáil Éireann approve the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Framework Decision on the application of the principle of mutual recognition to confiscation orders,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 18th May, 2004, be referred to the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights, in accordance with paragraph (2) of the Orders of Reference of that Committee, which, not later than 2nd June, 2004, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 85, and Standing Order 84(2) shall accordingly apply.’’

— *Máire Ní Ainifín, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh*.

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**4.** An Bille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).
International Criminal Court Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).

---

**20.** An Bille um Chomhionannas 2004 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Equality Bill 2004 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

---

**20*a*.** Ráitis maidir leis an gcor reatha san Iaráic.
Statements on the current situation in Iraq.

---

## MEMORANDA

*Déardaoin*, 20 *Bealtaine*, 2004
*Thursday*, 20*th May*, 2004

Cruinniú den Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí i Seomra Coiste 4, LH2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Finance and the Public Service in Committee Room 4, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha i Seomra Coiste 3, LH2000, ar 10.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Foreign Affairs in Committee Room 3, LH2000, at 10.30 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, LH2000, ar 11 a.m.

Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, LH2000, ar 11.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2, LH2000, at 11.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste Craolacháin agus Faisnéise Parlaiminte i Seomra Coiste 2, LH2000, ar 2.30 p.m. (*príobháideach*).

Meeting of the Joint Committee on Broadcasting and Parliamentary Information in Committee Room 2, LH2000, at 2.30 p.m. (*private*).

---

Cruinniú den Fhochoiste um Mí-Úsáid Alcóil ag Daoine Óga i Seomra Coiste 2, LH2000, ar 10 p.m. (*príobháideach*).

Meeting of the Sub-Committee on Alcohol Misuse by Young People in Committee Room 2, LH2000, at 10 p.m. (*private*).

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) Cinneadh ón gComhairle maidir leis na prionsabail, na tosaíochtaí agus na coinníollacha atá sa Chomhpháirtíocht Eorpach leis an gCróit mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2004) 275.

2) Comhsheasamh 2004/309/CFSP an 2 Aibreán 2004 ón gComhairle lena n-uasdátaítear Comhsheasamh 2001/931/CFSP maidir le cur chun feidhme beart sonrach chun sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2003/906/CFSP mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

3) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle ar Phrótacal leis an gComhaontú um Chomhar agus Aontas Custam idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Shan Mairíne a chríochnú, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh agus a Bhallstáit, maidir le rannpháirteachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na

*Statutory:*

1) Council Decision on the principles, priorities and conditions contained in the European Partnership with Croatia together with explanatory information note. COM (2004) 275.

2) Council Common Position 2004/309/CFSP of 2 April 2004 updating Common Position 2001/931/CFSP on the application of specific measures to combat terrorism and repealing Common Position 2003/906/CFSP together with explanatory information note.

3) Proposal for a Council Decision on the conclusion, on behalf of the European Community and its Member States, of a Protocol to the Agreement on Cooperation and Customs Union between the European Economic Community and the Republic of San Marino, regarding the participation, as contracting parties, of the Czech Republic, the Republic of Estonia, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Republic of Hungary, the

Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice, mar pháirtithe conarthacha, de bhun a n-aontachais leis an Aontas Eorpach mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2004) 258.

4) Comhsheasamh 2004/423/CFSP an 26 Aibreán 2004 ón gComhairle lena n-athnuaitear bearta sriantacha in aghaidh Bhurma/Maenmar mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

5) Comhsheasamh 2004/293/CSFP an 30 Márta 2004 ón gComhairle lena n-athnuaitear bearta chun tacú le forfheidhmiú éifeachtach shainordú an Bhinse Choiriúil Idirnáisiúnta don iar-Iúgslaiv (ICTY) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

6) Athráiteas ar an Acht Comharbais 1965.

7) Na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú) 2004 (I.R. Uimh. 213 de 2004).

8) Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Léarscáileanna Forordaithe) 2004 (I.R. Uimh. 212 de 2004).

9) Coimisiún Forbartha an Iarthair. Tuarascáil Bhliantúil, 2003.

*Neamhreachtúil:*

1) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 5: COM(2003)789: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntais neamhairgeadais ráithiúla a thiomsú de réir earnálacha institiúideacha. Bealtaine 2004.

2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 6: COM(2003)797: (*a*) Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil; (*b*) Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/799/CEE ón gComhairle maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis inniúla na mBallstát i réimse an chánachais dhírigh, dleachtanna áirithe máil agus an chánachais ar phréimheanna árachais agus Treoir

Republic of Malta, the Republic of Poland, the Republic of Slovenia and the Slovak Republic, pursuant to their accession to the European Union together with explanatory information note. COM (2004) 258.

4) Council Common Position 2004/423/CFSP of 26 April 2004 renewing restrictive measures against Burma/Myanmar together with explanatory information note.

5) Council Common Position 2004/293/CSFP of 30 March 2004 renewing measures in support of the effective implementation of the mandate of the International Criminal Tribunal for the former Yugoslavia (ICTY) together with explanatory information note.

6) Succession Act 1965 Restatement.

7) Road Vehicles (Registration and Licensing) (Amendment) Regulations 2004 (S.I. No. 213 of 2004).

8) Official Languages Act 2003 (Prescribed Maps) Regulations 2004 (S.I. No. 212 of 2004).

9) Western Development Commission. Annual Report, 2003.

*Non-Statutory:*

1) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Finance and the Public Service. EU Scrutiny Report No. 5: COM(2003)789: Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on the compilation of quarterly non-financial accounts by institutional sector. May 2004.

2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Finance and the Public Service. EU Scrutiny Report No. 6: COM(2003)797: (*a*) Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on administrative cooperation in the field of excise duties; (*b*) Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council amending Council Directive 77/799/EEC concerning mutual assistance by the competent authorities of the Member States in the field of direct taxation, certain excise duties and taxation of insurance premiums and Council

92/12/CEE ón gComhairle maidir le comhshocraíochtaí ginearálta i gcomhair táirgí atá faoi réir dleachta máil agus maidir le táirgí den sórt sin a choimeád agus a aistriú agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu. Bealtaine 2004.

Directive 92/12/EEC on the general arrangements for products subject to excise duty and on the holding, movement and monitoring of such products. May 2004.

Wt. 2179. 564. 5/04. Cahill. (X46019). Gr. 30-15.